Rewarding Learning

**ADVANCED SUBSIDIARY (AS)**
**General Certificate of Education**
**2015**

# Irish

## Assessment Unit AS 2
## (Section A)

*assessing*

## Listening

**[AI121]**

**WEDNESDAY 3 JUNE, AFTERNOON**

# TRANSCRIPT

**GCE Recording Instructions**

□ Indicates track break

Each piece heard once only

Northern Ireland Council for the Curriculum, Examinations and Assessment
General Certificate of Education, Summer 2015
Irish, Assessment Unit 2
Advanced Subsidiary,
Listening

Read each question carefully. Listen to the recording and write your answer in the space provided.

Make sure that you have clearly understood the instructions given on the front page of the question paper before you begin the examination.

Question 1

*Máire:* Dia duit, a Sheáin, is deas tú a fheiceáil arís. Ní fhaca mé thú le cúpla mí anuas. Cad é mar a bhí an samhradh agat?

*Seán:* Caithfidh mé a rá go raibh samhradh ar dóigh agam, a Mháire. Chuaigh mé féin agus an chuid eile den teaghlach chun na Róimhe.

*Máire:* Cad chuige a ndeachaigh sibh chun na Róimhe?

*Seán:* Tá an-suim agam féin agus ag m'athair i stair na Róimhe. Is breá le mo mháthair bia Iodálach agus tá mo dheirfiúr Sorcha ag déanamh staidéir ar an Iodáilis do scrúdú an AS. Mar sin de, bhí gach duine sásta.

*Máire:* An raibh Sorcha ábalta muintir na háite a thuiscint?

*Seán:* Bhí sí ábalta rudaí bunúsacha a rá agus ba léir gur thuig na daoine ise fosta. Mhínigh sí dóibh go raibh sí ag foghlaim na hIodáilise agus bhí siad iontach tuisceanach léi. Thaitin sé leo go raibh sí ag foghlaim a dteanga féin.

*Máire:* Cá háit go díreach a raibh sibh ag stopadh?

*Seán:* Bhí muid ag stopadh i gColáiste na nGael. Áit ar dóigh atá ann agus é suite iontach cóngarach do lár na cathrach. Ní chreidfeá é ach tá poll snámha ann chomh maith. Chuaigh mé a shnámh ann beagnach gach lá.

*Máire:* Cad é mar a bhí an aimsir?

*Seán:* Bhí sé an-te ar fad. Le fírinne bhí sé róthe agus é meirbh marbhánta ar a bharr sin. B’éigean dom éirí go luath ar maidin agus cuairt a thabhairt ar na háiteanna suimiúla sular éirigh sé róthe. Lig mé mo scíth idir a dó agus a ceathair ag an pholl snámha.

*Máire:* Chuala mé go bhfuil rudaí sa Róimh an-chostasach. An bhfuil an méid sin fíor?

*Seán:* Níor shíl mé féin go raibh rudaí róchostasach. Is féidir béile a fháil ar phraghas an-réasúnta ar fad. Tá an córas taistil an-mhaith fosta ach caithfidh tú bheith cúramach agus tú ag trasnú an bhóthair de bhrí go bhfuil na tiománaithe iontach mífhoighneach.

*Máire:* Chuala mé sin maith go leor faoi na tiománaithe. Tá mé an-sásta gur thaitin an Róimh leat. An rachfá ar ais?

*Seán:* Rachainn cinnte ach sílim go rachainn go luath sa bhliain de bhrí go mbíonn sé róthe i rith an tsamhraidh. Cad é mar a bhí bainis do dheirfćar?

*Máire:* Bhain mé sult mór aisti. Bhí lúcháir orm go raibh an ghrian ag spalpadh anuas lá na bainise. Bhí cuma ghalánta ar Mhéabh chomh maith. Bhí chóir a bheith dhá chéad duine ann agus mhair sí go maidin. Éist a Sheáin, beidh orm imeacht anois mar tá mé ag dul a dhéanamh ceacht tiomána ar a trí a chlog. Tabhair aire duit féin agus beidh mé ag caint leat ar ball.

*Seán:* Chífidh mé ar ball thú, a Mháire.

Question 2

Beidh Carrie Crowley le feiceáil sa sobaldráma *Ros na Rún* ó mhí Dheireadh Fómhair ar aghaidh. Is bean chairdiúil cheolmhar ghreannmhar í Carrie agus tá foireann Ros na Rún an-sásta go mbeidh sí páirteach sa chlár roimh i bhfad.□ I ndiaidh di céim a bhaint amach, bhí Carrie ag obair mar mhúinteoir bunscoile ón bhliain naoi déag ochtó a cúig go dtí an bhliain naoi déag ochtó a hocht. Bhí a croí i gcónaí san aisteoireacht, áfach, agus bhíodh sí ag aisteoireacht le compántas drámaíochta san oíche i ndiaidh a cuid oibre ar scoil.□

Bhí suim aici fosta sna meáin chumarsáide agus sa bhliain naoi déag nócha a sé ceapadh mar láithreoir í ar chlár raidió.□ Chonacthas an t-am sin go raibh sí an-éirimiúil ag cur clár i láthair agus roghnaíodh í le clár amhránaíochta Eoraifíse a chur i láthair ar an teilifís sa bhliain naoi déag nócha a seacht. Ócáid ollmhór a bhí ann di agus bhí an t-amhránaí Ronan Keating ar an ardán léi.□ B'éigean di script a scríobh i nGaeilge, i mBéarla agus i bhFraincis don chlár. Cé gur bhain sí an-sult as an chlár a chur i láthair, d'fhill sí ar an aisteoireacht sa bhliain dhá mhíle agus a ceathair. Deir Carrie go bhfuil draíocht éigin ag baint leis an aisteoireacht agus go bhfuil a croí istigh inti.□

Is breá léi pearsantacht eile a ghlacadh uirthi féin ar feadh tamaill agus a scéal a insint, nó mar a deir sí féin, 'siúl ina mbróga'. Tabharfaidh an pháirt sa sobaldráma *Ros na Rún* deis di a scileanna aisteoireachta a léiriú trí mheán na Gaeilge. Tá Gaeilge den scoth aici a d'fhoghlaim sí i gConamara. Ní thig léi fanacht go mbeidh sí páirteach sa chlár.□

Idir an dá linn, áfach, tá gearrscannán idir lámha aici a scríobh sí féin faoi mhuintir na tuaithe. Tá an gearrscannán suite i gContae Liatroma agus deir sí gur tháinig ábhar an ghearrscannáin chuici lá breá samhraidh cois farraige.□

Tá lucht leanúna an tsobaldráma ag dúil go mór le í a fheiceáil ar an scáileán teilifíse i mí Dheireadh Fómhair.□

This is the end of the recording.